CULTURE, HERITAGE & ARTS ASSEMBLY.
ARGYLL & ISLES

DEIS MAR EALAÍONTÓIR CÓNAITHEACH, CEANGLAN CHALUIM CHILLE, CEANN LOCH CHILLE CHIARAIN

Coimre Imlíneach do Choimisiún Ealaíontóra d'Ealaíontóir ina Chónaí in Éirinn
Sprioc d'iarratais: 5i.n. 6ú Lúnasa
Táille iomlán: £1,750
Fad an choimisiúin: 5 lá
Fad na Cónaitheachta: 3 lá, ag tosú go hidéalach ar Fómhair/i nDeireadh Fómhair 2025
Láthair: Ceann Loch Chille Chiarain, Cinn Tìre, Albain

CÚLRA AGUS ACHOIMRE AN CHOIMISIÚIN

Is deis é seo do chainteoir líofa Gaeilge agus ealaíontóir gairmiúil ag saothrú i meán ar bith ealaíne cónaitheacht phíolótach a threorú lonnaithe in Iarsmalann Cheann Loch Chille Chiaráin, Cinn Tíre. Tacóidh Oifigeach Cultúir Ghaeilge na hAlban CHARTS i gcomhar agus baill CHARTS agus lucht oibre foirne eile lonnaithe ag an iarsmalann leis seo. Bhí seo indéanta mar gheall ar chlár forbartha Ghaeilge na hAlban atá á reáchtáil ag Culture Heritage and Arts Assembly, Argyll and Isles (CHARTS), agus tacaíocht na heagraíochta ó 2020 i leith do chleachtóirí ina gcónaí i ndeisceart Earra-Ghàidheal. Tá an tionscadal seo, dar teideal Ceanglan Chaluim Chille, á mhaoiniú ag Bòrd na Gàidhlig agus Foras na Gaeilge 25/26 le breis tacaíochta ó liveArgyll agus ó Chomhairle Earra-Ghàidheal agus Bhóid. Féach Eolas Riachtanach thíos faoi gach duinte atá páirteach.

Tá Ceanglan Chaluim Chille bunaithe ar spreagadh agus oidhreacht Cholm Cille in Earra-Ghàidheal agus Bòid agus rinneadh an coimisiún a dhearadh chun cíoradh cruthaitheach a dhéanamh ar naisc chultúrtha idir Albain agus Éire. Agus é deartha ó thorthaí Chuairt Chaluim Chille, a sheachaid CHARTS roimhe, tá d'aidhm ag an tionscadal forbairt idir Earra-Gael-Ghàidheal agus Éire a chur chun cinn trí théamaí comhroinnte a bhaineann leis an chomhshaol agus athrú aeráide trasna teorainneacha.

Tá an coimisiún seo d'ealaíontóir lonnaithe in Éirinn agus rinneadh é a fhorbairt go sonrach chun na críche seo.

Bunaithe ar chumas na n-ealaíon suim a mhúscailt, cur le misneach agus foghlaim a chur chun cinn, bainfidh an tionscadal seo feidhm as cuir chuige a tharraingeofar ó shaothar an ealaíontóra féin (mar shampla físealaín, scannánaíocht, teicstílí, amhráin, liricí, ceol, scríbhneoireacht chruthaitheach, taibhiú) chun dul i ngleic go hidirghníomhach le lucht éisteachta agus féachana. Cuirfidh an tionscadal borradh faoi chlár forbartha Ghaeilge na nAlban CHARTS go dtí seo, ag feabhsú rochtainar naisc thraschultúrtha le comhrá agus foghlaim i nGaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban trí na healaíona.

Áirítear le Ceanglan Chaluim Chille trí chónaitheacht san iomlán, idir 2025 agus 2026, lena n-áirítear beirt d'ealaíontóirí atá lonnaithe in Albain, gach ceann chun deiseanna príomhimeachtaí a fhorbairt le cumas comhrá i nGaeilge na hAlban:

Cuirfidh an deis seo i gCeann Loch cónaitheacht ar feadh 3 lá ar fáil; tá muid ag lorg ealaíontóir amháin lonnaithe in Éirinn ar féidir lena s(h)aol/saothar aird a tharraingt ar shuim fhollasach nó nasc bríoch eile le hEarra-Ghàidheal, chun imeachtaí ceardlainne i nGaeilge agus i nGaeilge na hAlban a threorú ag úsáid téamaí oidhreachta agus as ealaín, ag dul i ngleic leis an phobal agus le grúpaí óige, le tacaíocht ónár nOifigeach Cultúir Ghaeilge na hAlban féin.

Déanfar an t-ealaíontóir rathúil a óstáil ag Iarsmalann Cheann Loch Chille Chiarain i gcomhair thréimhse 3 lá na cónaitheachta agus táthar ag tairiscint dóibh lá amháin d'ullmhúchán agus lá amháin oibre ina dhiaidh mar chuid den choimisiún, le 5 lá san iomlán.

Beidh an t-ealaíontóir lonnaithe ag Iarsmalann Cheann Loch Chill Chiaráin, ag tosú i Meán Fómhair/i nDeireadh Fómhair 2025 a b'fhearr, ach féadfaidh go bpléifear dátaí eile.

Scóip an Choimisiúin:
Is deis thurgnamhach agus chorraitheach é seo le bheith ag obair i gCeann Loch Chille Chiarain i Meán Fómhair 2025, mar cuireann an coimisiún ar ar gcumas d'iarratasóirí cur chuige saindeartha a fhorbairt maidir leis an chónaitheacht agus rannpháirtíocht a chur in oiriúint dá gcleachtas féin agus ar a rogha téamaí. Bheadh CHARTS ag iarraidh chomh maith cur le hoidhreacht thorthaí na cónaitheachta, agus cuireadh a thabhairt don ealaíontóir a bheith mar chuid dar líonra atá ag forbairt d'ealaíontóirí a bhfuil Gaeilge na hAlban acu.

Tá scóip thairiscint/ábhar na cónaitheachta go hiomlán oscailte le plé ag céim an agallaimh. **Féach An Dóigh le hlarratas a Dhéanamh, thíos.**

Beidh imeachtaí ar siúl i gCeann Loch Chille Chiarain, atá ina mhol ealaíne, cultúir agus oidhreachta i gCinn Tíre Theas, agus b'fhéidir ag Ceann mu Dheas ar amharc Éireann. Táthar ag súil le himeachtaí lae agus oíche, agus stiúrfar iad seo i nGaeilge na hÉireann agus i nGaeilge na hAlban agus aistreofar iad go Béarla.

Éileoidh an ról ealaíontóir rannpháirtíochta poiblí misniúil a bhfuil taithí aige nó aici le haidhmeanna an róil a bhaint amach, mar seo a leanas:

- Eispéireas tumthach i nGaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a chruthú do rannpháirtithe.
- Seisiúin cheardlainne/imeachtaí a éascú le hóstaigh an ealaíontóra taca i gCeann Loch Chille Chiarain agus ó taobh istigh de Chinn Tíre, tá muid ag súil le healaíontóiri is baill de líonra CHARTS. Féach Tuilleadh Eolais thíos.

- Ceardlanna/imeachtaí a éascú do dhaoine de gach aois. Tabhair faoi deara nach mór go n-áireofar leis an tréimhse lae (7 n-uaire an chloig) rannpháirtíocht do dhaoine óga (aois mheánscoile agus faoi bhun 30 bliain d'aois).
- Déanfar cleachtas an ealaíontóra a chomhroinnt trí thaispeántais is trí thaibhiú, de réir mar a oireann, agus trí cheardlanna agus seisiúin shaindeartha bunaithe ar théamaí nasctha.
- Teagmháil a spreagadh le rannpháirtithe ar feadh tréimhse trí lá, áireofar leis seo foghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Ghaeilge na hÉireann agus Ghaeilge na hAlban ó na healaíona agus ón phobal áitiúil araon.
- Seisiúin a cheangal leis an chomhshaol/athrú aeráide le naisc le Colm Cille agus le hoidhreacht chomhshaoil áitiúil.

Áireofar leis an tionscadal ullmhúchán agus seachadadh ar líne trí Zoom, ag cur le caidrimh agus líonraí reatha.

Áireofar le gníomhaíocht dhigiteach:

- Íomhánna agus téacs a chur isteach chun taispeántas tionscadail a fhorbairt ar líne. Déanfaidh Oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta CHARTS an taispeántas a fhorbairt trí bheith ag obair leis an ealaíontóir.
- Lorgófar cuir i láthair dhigiteacha chomh maith, lena n-áirítear ealaíontóirí, óstaigh agus rannpháirtithe ag an chéim dheiridh den choimisiún.
- Áireofar leis an tionscadal rannpháirtíocht agus tacaíocht ó Oifigeach Cultúir Ghaeilge na hAlban CHARTS, arna mhaoiniú chomh maith ag Bòrd na Gàidhlig, baill Ghaeilge na hAlban (lena n-áirítear lucht garraíodóireachta/ealaíontóirí/muintir Chinn Tíre), foireann tacaíochta digití agus oidhreachta.

Táille
Is é an uastáille atá le fáil in aghaidh an lae £350 in aghaidh an lae ag 7 n-uaire an chloig (3 go 5 bliana de thaithí ar rannpháirtíocht phoiblí).
Táille iomlán - 5 lá - £1,750

Costais
Déanfar sonraí sceideal an coimisiúin a fhorbairt leis an iarratasóir rathúil chun aidhmeanna an tionscadail a bhaint amach. Cuirfear costais taistil agus chothabhála ar fáil de réir mar is cuí, ón áit chónaithe reatha in Éirinn go Ceann Loch Chille Chiaráin agus ar ais.

Ábhair
Cuirfear ábhair rannpháirtíochta pobail ar fáil, de réir mar is cuí. Caithfear ábhair ar bith a bhaineann le disciplín/meáin agus cur chuige an ealaíontóra féin a lua san imlíne cur chuige i litir chumhdaigh an iarratais le plé, má fhaigheann sé/sí cuireadh go hagallamh.

AN DÓIGH LE HIARRATAS A DHÉANAMH

Le cur isteach ar an bpost seo, seoltar iarratas leis an ainm Ireland – Ceanglan Chaluim Chille faoi 5i.n., 6ú Lúnasa go info@chartsargyllandisles.org.

Féach Eolas d'Iarratasóirí thíos le do thoil le cuidiú eolas a chur ar fáil do d'iarratas. Tabhair faoi deara go gcuireann muid fáilte roimh chur chuige leathan agus cruthaitheach, is féidir a phlé a thuilleadh ag céim chomh maith lenár dtacaíocht foirne atá le fáil.

Seicliosta

Caithfidh iarratasóirí na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

1. CV
2. Litir chumhdaigh ag rá cén fáth a bhfuil spéis agat sa ról seo agus ag tabhairt imlíne ar do chur chuige beartaithe don deis chónaitheachta seo. Cuir san áireamh le do thoil eolas agus naisc mar gheall ar thaithí ábhartha i do litir chumhdaigh, agus déan cinnte chomh maith go gcuirfidh san áireamh eolas faoi aon ábhair cheardlainne ag teastáil chun cabhrú le rannpháirtíocht phoiblí.
3. Monatóireacht chomhionannais. Líon isteach ár bhfoirm monatóireachta comhionannais le do thoil **anseo**.

Tabhair faoi deara:

- Ní ghlacfar le hiarratais gan foirm monatóireachta comhionannais a líonadh isteach.
- Is oth linn nach bpléifear aon iarratais tar éis an dáta deiridh.
- Beidh agallaimh ar siúl ar líne sa tseachtain dar tús 18ú Lúnasa.
- Beidh an t-agallamh seo i mBéarla le beagán comhrá i nGaeilge na hAlban.
- Déanfar gearrliosta iarrthóirí a chruthú ag an bpainéal, agus cuireadh ar bith go hagallamh a dheimhniú faoi 11ú Lúnasa.

EOLAS D'IARRATASÓIRÍ

Príomhaidhmeanna – Achoimre

Le treorú agus forbairt le seachadadh:

- Rannpháirtíocht rannpháirtithe – pleananna ceardlainne.
- Dearadh na cónaitheachta – i gcomhar le Ceann Loch Chille Chiarain agus CHARTS.
- Cuidiú agus treoir a thabhairt i dtaca le léiriú comhoibritheach le tacaíocht ó CHARTS.
- Measúnú na cónaitheachta a chomhfhorbairt i gcomhar le comhoibrithe.

Caidrimh

- Caidrimh éifeachtacha oibre a thógáil agus a chothú.

- Úsáid a bhaint as uirlisí cianoibre le comhoibriú i gcomhair imeachtaí maidir le socrú a dhéanamh agus iarimeachtaí.
- Dearcadh réamhghníomhach chun an chónaitheacht a fhorbairt agus a sheachadadh.
- A bheith ag obair go cothrom agus go macánta agus athraigh stíl a chomhoiriúnú do dhaoine, cultúir agus cásanna éagsúla.

Taithí agus Scileanna a Lorgtar

1. Cáilíochtaí agus taithí
   - Cáilíocht chéime nó iarchéime sna healaíona nó san oidhreacht nó taithí ábhartha.
   - Taithí inléirithe ar rannpháirtíocht phoiblí.

2. Eolas teanga agus cultúrtha
   - Cumas comhrá i nGaeilge na hÉireann, is féidir tacaíocht bhreise teanga a chur ar fáil nuair is cuí.
   - Tuiscint ar bhrí chultúrtha Ghaeilge na hAlban in Earra-Ghàidheal.
   - Tuiscint ar oidhreacht Cholm Cille.
   - Tuiscint trí thaighde nó eolas gníomhach ar thionscadail chultúrtha Ghaeilge na hAlban in Earra-Ghàidheal agus Bòid.

3. Cumarsáid, digiteach agus tuairisciú
   - Scileanna eagrúcháin/riaracháin agus measúnaithe.
   - Taithí ar úsáid uirlisí agus córais dhigiteach éagsúla, lena n-áirítear cláir cruinnithe fíorúla.

2. Eitic oibre agus buanna pearsanta
   - Dearcadh réamhghníomhach ar fhorbairt chultúrtha.
   - Féinspreagtha, coinsiasach, dearcadh dearfach agus féinmhuinín.
   - An cumas sprioc a shocrú agus oibriú da réir le smacht.

3. Comhoibriú agus cumarsáid
   - An cumas agus agus an toil comhoibriú le daoine eile ar mhaithe leis an chónaitheacht agus a páirtithe leasmhara.
   - An cumas tacú heolas an tionscadail a chomhroinnt agus a scaipeadh.
   - Scileann láidre idirphearsanta.
   - Scileann láidre cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid labhartha den scoth.

4. Eolas réigiúnach agus eagraíochtúil
   - Eolas ar Earra-Ghàidheal agus Bòid, lena n-áirítear ceantar Chinn Tíre.
   - Tá eolas ar chur chuige líonra CHARTS i leith tacú le cultúr in Earra-Ghàidheal inmhianaithe.

7. Ceanglais dlí

- Faoi reachtaíocht nua, tá imréiteach maidir le grúpaí leochaileacha a chosaint (*Protectecting Vulnerable Groups*, PVG) riachtanach le haghaidh an choimisiúin seo. Sa chás nach bhfuil teastas PVG ag iarratasóirí, cabhróidh CHARTS le forbairt iarratas agus íocfaidh siad na costais chuí.

An Dóigh a nOibríonn tú
Tá an dóigh a dtugann daoine faoina n-obair ó lá go lá tábhachtach dúinn freisin. Caithfidh iarratasóirí rathúla na réimsí scileanna seo a leanas a léiriú ag leibhéal cuí:

- Oibríonn sé/sé go maith go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann
- Déanann sé/sí cumarsáid a imríonn tionchar.
- Léiríonn sé/sí meas ar ionchuimsitheacht agus oibríonn sé/sí go macánta.
- Oibríonn sé/sí go tiomanta ar son torthaí.
- Léiríonn sé/sí samhlaíocht agus cruthaitheacht

Éilíonn an ról seo duine a chuireann in iúl fuinneamh agus dúthracht faoi theanga agus cultúr Ghaeilge na hAlban trína gcuid oibre, a bheartaíonn go héifeachtach agus a úsáideann íogaireacht, tionscnaíocht agus scileanna réitithe fadhbanna chun torthaí rathúla a thiomáint

TUILLEADH EOLAIS RIACHTANAIGH

Le cabhrú maidir le forbairt iarratas, féach le do thoil:
Maidir le Ceann Loch Chille Chiarain – an fhéidearthacht dul i ngleic
Déanann Iarsmalann Cheann Loch Chille Chiarain comóradh ar stair shóisialta Cheann Loch Chille Chiarain trí raon leathan rudaí a bhaineann leis an iascaireacht agus bádóireacht áitiúil agus insíonn mórscéal Chinn Tíre trína bailiúchán seandálaíochta, ealaíne agus eolaíochta dúlra. I measc na mbuaicphointí ar taispeáint faoi láthair tá muince chiardhubh ón Chré-umhaois, pictiúir phéinteáilte le Liam Mac an tSagairt, agus frithchaiteoir ó theach solais Mhaol Chinn Tíre. Tá iasachtaí flaithiúla ar taispeáint san iarsmalann chomh maith;; ag gach leibhéal, tacaíonn Cairde na hIarsmalainne leis an iarsmalann. Fuair Iarsmalann Cheann Loch Chille Chiarain tacaíocht ar feadh blianta fada ó Chumann Ársaíochta Chinn Tíre, agus chuir baill go mór leis na bailiúcháin. Ní hamháin go gcuireann Iarsmalann Cheann Loch Chille Ciarain cóiríocht agus spás ar fáil ar mhaithe le cruthú, ach faoi choinne rannpháirtíocht dhomhain freisin leis an taobh tíre áitiúil agus lena scéalta.

Rinneadh Cinn Tíre a mhúnlú le slite beatha ársa Gaelacha agus tá sé saibhir i sraitheanna éiceolaíochta is cultúrtha. Anseo tá Gaeilge na hAlban fréamhaithe i logainmneacha, i dtraidisiúin bhéil, agus san eolas oibre ar thír agus ar mhuir. Beidh tacaíocht ag ealaíontóir na cónaitheachta agus é/í ag ceangal leis an oidhreacht bheo seo, ag obair le healaíontóirí, ceoltóirí, staraithe, agus scríbhneoirí áitiúla, chomh maith le hOifigeach Cultúir Ghaeilge na hAlban CHARTS a chuirfidh treoir allamuigh chomhthéacsúil ar fáil agus léargais agus cleachtais áitiúla i láthair.

Polasaí Ghaeilge na hAlban CHARTS

Rannpháirtíocht CHARTS le Cinn Tíre go dtí seo:

1. https://www.chartsargyllandisles.org/projects-and-showcases/r%C3%A0mh-Mull-development-project/
2. https://www.chartsargyllandisles.org/projects-and-showcases/r%C3%A0mh-Mull-development-project/coastal-cultures-Mull-residencies/fe%C3%A0rna-alice-stillman-and-rhona-dougall/ féach freisin Feàrna Project Website
3. Reflect film a léiríonn ceantar Chinn Tíre Theas.

Forbairt Ghaeilge na hAlban CHARTS go dtí seo:
https://www.chartsargyllandisles.org/projects-and-showcases/charts-gaelic-development/

Mar gheall ar CHARTS: https://www.chartsargyllandisles.org
Facebook CHARTS: https://www.facebook.com/CHARTSArgyllandIsles/

Chun aon eolas breise a fháil, déan teagmháil le info@chartsargyllandisles.org